aige lena ghaolta i dTiobraid Árann. Chaith Breathnach ıchtrúil agus tá blas ar leith ar scéalta agus eachtraí a óige. s í an mhacántacht a thugann ar an údar féachaint go ıúiseach air féin a fhágann go mbíonn an léitheoir tógtha le ı a bhfuil leaganacha de chuid acu léite nó cloiste cheana. Ba h leat uaireanta gur ábhar gaisce an cur síos maoithneach a n ag údair áirithe agus iad ag trácht ar an saol crua a bhí acu. ıíonn Breathnach go mbíodh náire air ina óige mar gheall mbochtaineacht a bhain don teaghlach tar éis bhás a athar: n cumas seo a dhearcadh féin a nochtadh agus a cheistiú a laíonn an t-údar amach ó mhórán scríbhneoirí Gaeilge eile. ;a thábhachtach eile sa leabhar is ea máthair Dhiarmuda. Tá at faoina mháthair (mír atá athfhoilsithe as an iris *Scríobh*) ıeann de na píosaí is fearr scríbhneoireachta dar léigh an ıheastóir seo i nGaeilge riamh, an rabharta aidiachtaí ina in grá ach smacht na fuarchúise ann chomh maith:

ı shílim go ndúirt sí rud ar bith nua riamh. Soitheach ab ea í chun ı focal a bhí seanchloiste aici a atairgeadh go hoiriúnach. Bhí sí ıl, cráifeach, domhaiteach, boigéiseach, dícheallach, cuideachtúil, agmatach, frithchléireach uaireanta ( ) Is í an cuimhneamh is gile ;am uirthi a mhinicí arbh í a portaireacht béil a dhúisiodh ar maidin ıé. Ba í féin í amach is amach ach b'fhéidir go raibh a cosúlacht ngach baile fearainn sa tír, an bhean tuaithe par excellence.

)éantar scéal eile fós a reic in *Titim agus Éirí*: scéal an siúnachais chultúrtha a dhein Gaeilgeoir de Bhreathnach, scéal cúise a mhúnlaigh mórán daoine eile dá ghlúin. Insítear dúinn in gcomhluadar a thaithigh sé, faoin mbaint a bhí agus atá fós e le Cumann Merriman, faoina shaol in RTÉ agus faoina shaol ır mhórscoláire. Tugtar fianaise spéisiúil dúinn faoi ranganna a ig Máirtín Ó Cadhain agus faoi cheachtanna ar leith a mhúin sé. ıstar orainn pearsana Athbheochana ina saol iar-Athbheochana: saimid ar Ghearóid Mac Lochlainn, aisteoir, mar shampla, ius é anois ina chigire scoile. Tugann Breathnach fianaise ábhachtach faoin mbaint a bhí aige le Cumann Merriman ıus faoin gcur chuige a bhí aige agus é i mbun taighde don raith *Beathaisnéis*. Sa chuntas ar a shaol ag obair i leabharlann lú a bhraitear guth sainiúil agus scéal pearsanta an údair ach s féin is taifead tábhachtach sóisialta an chuid seo den leabhar. hair cuid de sheantuismitheoirí an údair sa chuid láir den naoú aois déag. Deir Breathnach i dtreo chlabhsúr *Titim agus Éirí* go tabharfadh sé fortún ar a gcuimhní cinn siúd a bheith aige' le go blaisfeadh sé 'den mioneolas pearsanta' a bheadh iontu. 'Nach eor de leithscéal sin go bhfágfainnse im' dhiaidh an tuairisc seo,' deir an t-údar. Más leor, is fíor chomh maith go bhfuil go leor ıiseanna eile leis an leabhar eisceachtúil seo ó phearsa eisceachtúil cheannach. Is óige agus is dána Breathnach ina mheon ná cuid mhaith de scríbhneoirí óga agus meánaosta na Gaeilge. Tá súil gam nach bhfuil anseo ach an tús agus gur féidir linn bheith ag súil le scata leabhar eile uaidh mar bheadh blas ar an mbiaiste sin. Más fíor, faoi mar a mheabhraíonn údar an leabhair seo, gur am ar lear an t-am fadó, is maith an bádóir é Breathnach.



# Máire Uí Mhaicín

*'Oide eolasach; cara uasal': i gcuimhne ar **Mháire Uí Mhaicín***

CAILLEADH AN LÉACHTÓIR, aistritheoir, scríbhneoir agus grianghrafadóir Máire Uí Mhaicín i lár mhí Dheireadh Fómhair agus ba chailliúint mhór a bhí ann do phobal na Gaeilge, na litríochta agus an oideachais i mBaile Átha Cliath.

Bhí aitheantas ar leith ar Mháire de bharr na mblianta a chaith sí ina Ceann ar Roinn na Gaeilge i gColáiste Bhanríon na Trócaire, Dún Chéire, Baile Átha Cliath. Faoin am go raibh tríocha bliain slánaithe aici bhí freagracht aici ar fhoireann seachtar léachtóirí acadúla. Duine fadradharcach a bhí inti agus mheas sí i gcónaí go raibh luach sa chomhpháirtíocht. Ní hionann agus ranna eile, bhí nós aici gach cúpla bliain na léachtóirí i léann agus litríocht na Gaeilge a thabhairt le chéile le go mbeadh plé acu ar cé a mhúinfeadh na cúrsaí éagsúla sa chéad bhliain eile. Tugadh an deis i gcónaí go mbeadh malairt dualgaisí ag an bhfoireann – nós nach raibh agus nach bhfuil róchoitianta in ionaid acadúla eile. Ghoill sé go mór uirthi, mar a ghoill sé ar chuid mhaith den fhoireann a bhí ag obair sa Choláiste sin, gur fógraíodh gan choinne sa bhliain 1986 go raibh an Coláiste le dúnadh sa bhliain 1988.

Ina dhiaidh sin, chaith Máire tuairim is fiche bliain ag plé le Gaeilge agus í ina léachtóir le Gaeilge i gColáiste Oideachais Eaglais na hÉireann i Ráth Maonais go dtí go ndeachaigh sí ar scor sa bhliain 2008. Athrú iomlán a bhí ann di, ach mar dhuine a chuaigh i ngleic le cuid mhaith ina saol, réitigh sí go breá fonnmhar chuige. Fúithi féin a bhí an cinneadh nuair a dúnadh Coláiste Dhún Chéire fanacht sa saol acadúil seachas dul i dtreo an riaracháin nuair a fuair sí tairiscint aistriú chuig an Roinn Oideachais mar phríomhoifigeach.

Bhí an-éagsúlacht sa mheon agus sa chineál mac léinn

a bhí ag teacht chuig Ráth Maonais le hais mar a bhí ag teacht chuig Dún Chéire. Bhí cúram ar leith uirthi in imeacht na mblianta uas-scileáil a dhéanamh ar na mic léinn i gcultúr na Gaeilge ar a dteacht chun an Choláiste dóibh. Bunaíodh an nós go rachadh mic léinn na chéad bhliana chun na Gaeltachta láithreach agus bhí an deis ag Máire agus léachtóirí eile tumoideachas teanga a chur orthu a bhí thar a fónta. Nuair a d'imigh sí ar scor an t-am sin, bhí sé de phribhléid orm seachtain iomlán a chaitheamh léi le hábhair a saoil oibre a eagrú agus a hoifig a ghlanadh. Ní cúram éasca é uair ar bith, agus bhí roinnt mhaith cuimhní cinn san oifig a mbíonn ar dhuine a ionramháil ina chloigeann, anuas ar an ngortghlanadh féin. Bhraitheas mé féin ag feidhmiú mar athair altrama do na dílleachtaí sin de leabhair a bhí aici! B'olc léi é ligean dóibh bheith díomhaoin, ag bailiú deannaigh i mboscaí sa chaoi nach mbeidís chomh fóinteach céanna do scoláirí eile agus a bhíodar di ina cuid dualgaisí acadúla. Ní mise amháin a fuair buntáiste an tsaothair sin, agus bhronn sí ábhair eile go fial ar scoláirí agus ar chairde araon.

Léirigh na cáipéisí san oifig sin an dua a bhí caite aici le saol na Gaeilge thar na blianta. Is beag coiste nó gníomhaireacht teanga nach raibh plé ag Máire Uí Mhaicín leis in imeacht na mblianta. Ceann de na cumainn ba mhó a raibh spéis aici ann ná Cumann na Léachtóirí Gaeilge sna Coláistí Oideachais. Bhí tuairisc bhreá de chruinnithe ar mhórán ábhar, agus láidreacht sna tuairimí a scaipeadh faoi bheartais an rialtais, bíodh siad olc, maith nó dona, i dtaobh an Oideachais agus i dtaobh oiliúint mhúinteoirí go sonrach. Mar cheannródaithe sa ghrúpa, chaith Alan Titley agus í féin mórán ama agus éifeachta a chuaigh chun leas na Gaeilge, go speisialta na Gaeilge acadúla, sa chumann sin.

Sna blianta deireanacha, bhí tamall ann nuair a bhí sí ag fulaingt go dian, go háirithe agus trí bhabhta ailse le troid aici. In imeacht an ama sin, agus ón gcéad uair a cheannaigh sí ceamara digiteach deich mbliana ó shin, thug an ghrianghrafadóireacht an-sólás di, agus mar a fuaireas amach mé féin, agus mé sa tigh léi lá amháin, ba gheall le grianghrafadóir gairmiúil faoi dheireadh an ama í. I gcomhairle lena cara Deirdre Davitt i bhForas na Gaeilge, thosaigh sí amach ar ghnó speisialta sna blianta sin – sraith portráidí a chruthú do scríbhneoirí na Gaeilge. Scríbhneoirí cruthaitheacha a roghnaigh sí i dtosach ach leathnaigh sí amach ina dhiaidh sin chuig réimse leathan údar a chleachtann a gceard i bprós, i bhfilíocht, i ndrámaíocht, in aistí, i mbeathaisnéisí, sa chritic liteartha, sa bhéaloideas, i litríocht na bpáistí, agus i bhfoirmeacha eile scríbhneoireachta. De bharr scóip leathan an tionscnaimh leanúnaigh sin, ní raibh sé i gceist aici brostú tríd ar bhealach sleamchúiseach. Bhraith sí gur daoine gnaíúla comhoibritheacha a bhí sna scríbhneoirí uile a raibh sé de phribhléid aici bualadh leo. Ba mhúinteoir fisice dá cuid a chéadspreag spéis sa ghrianghrafadóireacht inti nuair a chuir sí teoiricí eolaíochtúla solais agus lionsaí ina láthair. Portráidíocht daoine ab ea an chéad réimse spéise aici, ach sar i bhfad, bhraith sí go mba ghá di printíseacht a dhéanamh i réimsí eile ar nós íomhánna tírdhreach, íomhánna teibí, agus íomhánna a dhéanann taifead ar imeachtaí an ghnáthshaoil laethúil. Bhí an-spéis aici i litríocht do pháistí agus i nithe a chuirfeadh páistí ag spraoi. Ba mhinic an uair di pearsanra nó carachtar a chruthú de bhréagán súgartha agus sraith grianghraf a chruthú timpeall ar an bpearsanra sin, ag labhairt di ar son an bhréagáin. Léirmheastóir géarchúiseach intleachtúil ar an litríocht do dhaoine óga ab ea í, agus bhí babhtaí aici ina príomhmholtóir ar dhuaiseanna litríochta náisiúnta do dhaoine óga.

Casadh ormsa agus ar m'athair den chéad uair í sna 1990í agus baint aici le Coláiste Íosagáin, meánscoil i ndeisceart Bhaile Átha Cliath, agus í ina tuismitheoir ann an uair sin. Bhí sí ar dhuine de na daoine ab fhuinniúla agus ba chumasaí le grúpa tuismitheoirí a bhí an-tiomanta don scoil agus don oideachas trí mheán na Gaeilge. Ag an leibhéal daonna, bhí féith an ghrinn go láidir inti agus, ba chuma sa chaint nó sa scríobh, bhí sí i gcónaí in ann nathanna cainte na Gaeilge a úsáid ar bhealach an-seiftiúil ar fad. Ba mhinic mé ina comhluadar ag gáire faoi na léirmheasanna a thugadh sí ar dhíospóireachtaí thar timpeall na n-ollscoileanna.

Bhain an-dúthracht lena cuid oibre, idir ullmhúchán agus chleachtadh, sa léachtóireacht agus sa ghrianghrafadóireacht. Chuir sé an-áthas ar chuile dhuine go raibh fáil ar an Athair Mícheál Mac Craith, cara mór aici, a bheith ina teannta sna laethanta deireanacha chun na deasghnátha deiridh a bhronnadh agus a bheith ina phríomhcheiliúraí ar a sochraid. Is cuimhin liom an sult a léirigh sí a bheith i gGaillimh cothrom le dhá bhliain díreach sular bhásaigh sí nuair a eagraíodh ócáid speisialta do Mhícheál agus é ag dul ar scor ón Ollscoil.

Bhí an oiread sin fós le teacht ó Mháire, ach an tsláinte a bheith aici.

Is ag cuimhneamh ar an teaghlach atáimid anois, go speisialta a hiníonacha Caoimhe, Róisín agus Áine a raibh cion leanúnach uilíoch aici dóibh, agus Vivian, a fear céile. Bhí grá, suaimhneas agus tacaíocht aimsithe aici le Vivian ar feadh scór bliain nó mar sin. Ní fhéadfá crann taca níos fearr a aimsiú di.

Braithimid ar fad go mór uainn í.

Ar dheis Dé go raibh a hanam uasal.

***Liam Mac Amhlaigh***